An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta **Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2014**

# An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2014



# Sonraí Teagmhála

An tIonad Seirbhíse ar Oscailt:
Luan go hAoine, 8am go 8pm

Ló-Ghlao ó Phoblacht na hÉireann 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann agus ón RA 0870 876 8121

Bosca O.P. 8
Cloich na Coillte
Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie

Cé go ndéantar tagairt ar fud na Tuarascála seo don eagraíocht mar an Bord Díobhálacha nó InjuriesBoard.ie, is é an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta teideal iomlán agus ainm dlíthiúil na heagraíochta.

InjuriesBoard.ie

**Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2014**

Meitheamh 2015

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Clár

Réamhfhocal an Chathaoirligh 2
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 3
Léargas Ginearálta 5

**Cuid 1**
Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil. 7

**Cuid 2**
Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh. 15

**Cuid 3**
Na costais riaracháin a bhaineann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a laghdú. 21

**Cuid 4**
Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chostas-éifeachtach. 27

**Cuid 5**
Ráitis Airgeadais 35

**Aguisíní**
Aguisín 1 – Próiseas an Bhoird Dhíobhálacha 61
Aguisín 2 – An Eagraíocht 62
Aguisín 3 – Anailís gheografach ar Éilimh 65

# Réamhfhocal an Chathaoirligh

Sna 10 mbliana ó bunaíodh an Bord Díobhálacha tá an eagraíocht tar éis teacht chun a bheith ina daingneán bunaithe ar thírdhreach na ndíobhálacha pearsanta. Tá samhail láidir, neamhsháraíoch, dírithe ar an tomhaltóir forbartha ag an mBord a bhfuil coigealtas suntasach á sheachadadh aici don tsochaí le linn di leasa íospartach timpiste a chosaint.

In 2014 lean feidhmíocht oibríochtúil láidir na heagraíochta ar aghaidh, a sheachaid seirbhís cháilíochta dá custaiméirí. Baineadh é seo amach in aghaidh cúlra d'acmhainní a bhí ar an ngannchuid agus de thoradh obair chrua, díograis agus tiomantas na foirne agus Comhaltaí an Bhoird, a bhí ann nó atá ann faoi láthair.

D'imigh an t-iarChathaoirleach Dorothea Dowling i rith na bliana tar éis cuid mhór blianta i bhfeighil na heagraíochta. Tá ómós mór ag dul di dá ról físeach i dtreorú an Bhoird ón tús. I mbliana freisin d'imigh mórchuid de na Comhaltaí Boird bunaidh a chuir go mór freisin le forbairt na heagraíochta seo.

I rith na bliana d'fhoilsigh an Bord a thríú Plean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019. Leagann an plean seo amach príomhChuspóirí Straitéiseacha an Bhoird thar na blianta atá le teacht mar aon leis na príomhghníomhartha a bheidh le déanamh chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Tá mé ag súil le bheith ag obair le Comhaltaí an Bhoird agus leis an bhFeidhmeannas chomh maith agus sinn ag iarraidh na straitéisí atá sa phlean seo a chur i bhfeidhm.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Bruton agus lena oifigigh as an tacaíocht a léirigh siad i rith na bliana agus tá mé ag súil le bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn sna blianta atá le teacht.



**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí ceiliúradh 10 mbliana an Bhoird ann in 2014 agus tugann sé deis nádúrtha machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn a sheachadadh in aghaidh ár misin chun seachadadh cúitimh ar bhealach cóir, pras agus trédhearcach a éascú. Ní raibh san oscailt in 2004 agus fústar cur in éadan dlíthiúil ann ach tús turais dhúshlánaigh a d'fheicfeadh mórathrú sa tírdhreach díobhála pearsanta; tírdhreach a raibh bís phréimhe árachais/éileamh ina shainghné de a bhain an bonn ón iomaíochas trí réiteach costasach, sáraíochta agus fada ar éilimh.

Thug an Bord aghaidh ar roinnt shuntasach dúshlán ó bunaíodh é; seoladh 31 Athbhreithniú Dlíthiúla ar fad thar na chéad 10 mbliana. Chuir sé seo ualach nach beag ar an bpríomhchuspóir, seirbhís réitigh riaracháin, tomhaltóir-lárnach, féinmhaoinithe a threisiú dóibh siúd a gortaíodh nó a bhí ag íoc as éilimh dhíobhála pearsanta mótair, poiblí nó ag an ionad oibre. Ni raibh aon teimpléad nó treoirphlean len é seo a dhéanamh, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta. Tugadh an tiomantas seirbhís níos éifeachtaí agus níos tapa a sheachadadh agus ag an am céanna, an leibhéal céanna dámhachtainí ar bhain éilitheoirí tairbhe astu á gcosaint.

Déantar achoimre ar thorthaí 2014 thíos agus is gnáth-thorthaí an Bhoird ó bhliain go bliain iad:

- Dámhachtainí – seachadta taobh istigh de 7 mí (i gcomparáid le 3 bliana ar an meán i ndlíthíocht)
- Meándámhachtainí foriomlána de €22,000, laghdú beag ar 2013 (ar aon dul le Cúirteanna)
- Costas seachadta 6.7% ar an meán In aghaidh na dámhachtana (costais dlíthíochta reatha de 58%)

Is torthaí den chineál seo a thiomáin coigilteas de thart ar €1 billiún i gcostais phróiseála thar 10 mbliana ar éigin, arbh é, ar a sheal, an tiománaí aonair is suntasaí i laghduithe ar phréimheanna árachais in Éirinn (CSO 2003-2013: -40%).

Sheachaid coigilteas de €1 billiún ag comhlacht beag Stáit tionchair an-tábhachtacha do raon páirtithe leasmhara le linn tréimhse dúshlánaí do gheilleagar na hÉireann. Mura mbeadh an Rialtas tar éis tús a chur leis an gClár Leasaithe Árachais siar in 2003, is léir go mbeadh an t-ualach ar an ngeilleagar, ar ghnó agus ar an íocóir cánach níos géire fós le blianta beaga anuas.

D'fhan méid dámhachtainí an Bhoird réasúnta seasmhach ar feadh an ama, a d'fhág go mbíonn an chuma air nach dtacaíonn treochtaí dámhachtainí agus éileamh dá leithéid leis na méaduithe reatha ar phréimheanna árachais in Éirinn. De bhrí gurb é an Bord faoi ndear méid réasúnta beag de na réitigh fhoriomlána (a mbíonn réitigh luath a d'éascaigh próiseas neamhsháraíochta an Bhoird san áireamh ann), dúirt an tionscadal árachais go minic gurb iad na héilimh seo go díreach (éilimh dhíobhála pearsanta chostasacha) a mbíonn an tionchar is mó acu ar phréimheanna árachais; mar go mbíonn sé níos deacra agus níos casta éilimh dá leithéid a réamh-mheas, agus cóimheasa á dtuar agus préimheanna á leagan síos, ná costas níos intuartha deisiú carranna.

Glactar leis gur éascaigh intuarthacht agus seasmhacht samhail an Bhoird praghsáil agus frithghealladh níos cruinne. Ar an mbonn seo agus á chur san áireamh go bhfanann méid na n-éileamh réasúnta statach (ardú thart ar 1 faoin gcéad idir 2013 agus 2014) tá an chosúlacht air go bhfuil sé loighciúil go mbaineann treochtaí mar a chéile le méideanna deisiúchán carr (ina thaistealaíonn na daoine díobhálaithe). Is léir nach mbaineann díobháil phearsanta le gach éileamh mótair ach bunaithe ar na sonraí a bhfuil rochtain againn orthu creidimid gur féidir linn glacadh leis go réasúnta nach raibh méadú ábhartha ar líon na dteagmhas mótair nár tuairiscíodh. Is réasúnaíocht aisteach d'arduithe préimheanna freisin é tuairiscí le gairid faoir bhreis carranna ar an mbóthar mar go mbíonn polasaí nua ag gach carr nua agus mar sin gur chóir dó préimh ratáilte san am i láthair a bheith aige.

Is í an fhadhb atá ag an mBord agus ag páirtithe leasmhara eile nach bhfuil teacht againn ar an eolas riachtanach le measúnú a dhéanamh go hoibiachtúil ar cad atá ag tiomáint na méaduithe sonraíocha ar phréimheanna le roinnt mí anuas. D'fhéadfadh sé go bhfuil an méadú á thiomáint ag líon ar bith cúinsí mar:

- costais níos airde á n-íoc ag árachóirí chun réitigh luath a sheachadadh (lasmuigh de phróiseas an Bhoird Díobhálacha)
- chun frithghealladh lag a chúiteamh, nó
- le himeacht ó rátáil riosca a athchothromú, tar éis dul sa tóir ar sciar margaidh b'fhéidir le treoirphréimheanna caillteanais

An neamhchinnteacht seo á cur san áireamh, creidimid go bhfuil sé an-riachtanach go gcuireann cuideachtaí árachais rochtain ar fáil ar shonraí gan tréithe pearsanta luaite a chumasódh fíorú neamhspleách ar an réasúnaíocht do mhéaduithe préimhe chun leasa daoine aonair, gnólachtaí agus an pobal a íocann préimheanna.

Idir an dá linn leanann an Bord air ag seachadadh dámhachtainí díobhála pearsanta ag céatadán de na costais seachadta agus i gcéatadán den am seachadta a raibh ar éilitheoirí agus freagróirí cur suas leo 10 mbliana ó shin. D'ainneoin an dul chun cinn seo níl aon deis sástachta ag an Bord agus sin an fáth go leanann sé air ag tabhairt dúshlán gach gné de thimpeallacht an éilimh lena chinntiú gur féidir an dul chun cinn a saothraíodh go maith a choinneáil leis an bhfadtéarma.

Bunaithe ar mo thaithí de bheith ag obair le sárBhord agus le sárfhoireann, agus le sraith d'Airí tacaíochta agus treoir-ranna ceann i ndiaidh a chéile, lena n-áirítear an tAire Bruton agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, tá mé an-mhuiníneach gurb iad leasa an tomhaltóra agus go deimhin, leas an phobail i gcoitinne, a bheidh ina bpríomhchúinsí ag an mBord Díobhálacha as seo go ceann roinnt mhaith blianta.



**Patricia Byron**
*Príomhfheidhmeannach*

# Léargas Ginearálta

## Ráiteas Misin

Is é ráiteas misin an Bhoird Díobhálacha ná "seachadadh cúitimh a éascú ar bhealach cóir, pras agus follasach chun leasa na sochaí san iomlán".

Agus ár misean agus ár mandáid á seachadadh in 2014 rinne an Bord Díobhálacha seo a leanas:

- Bainistiú ar 31,576 éileamh díobhála pearsanta, bhronn 12,420 Dámhachtain fhoirmiúla agus d'éascaigh réiteach ar líon comhchosúil measta socruithe díreacha;
- Bhain meánthréimhse ama 7 mí amach le héilimh a phróiseáil – faoi bhun na hamlíne naoi mí;
- Bhronn cúiteamh iomlán de €281.21 milliún ar íospartaigh timpiste ar chostas riaracháin de 6.7% de mhéid iarbhír an chúitimh. Is laghdú suntasach é seo ar an gcostas riaracháin 46% a bhí ann roimh bhunú an Bhoird, ar 58% measta anois é.

## Croíchuspóirí Straitéiseacha

Is iad seo cúig phríomhchuspóir straitéiseacha an Bhoird Díobhálacha mar atá leagtha amach sa phlean straitéiseach reatha:

### Cuspóir 1

Measúnú cóir agus cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi shainchúram InjuriesBoard.ie.

### Cuspóir 2

Na costais riaracháin is lú agus is féidir bainteach le réiteach éileamh ar dhíobháil phearsanta a chur chun cinn.

### Cuspóir 3

Cultúr nuálaíochta agus barr feabhais a chur chun cinn, eagraíocht éifeachtach sholúbtha á cothú le foireann oilte spreagtha agus éifeacht dhearfach na teicneolaíochta á huasmhéadú.


### Cuspóir 4

Ardsheirbhís don chustaiméir a spreagadh agus a chur chun cinn, dírithe ar fhaisnéis faoin ár seirbhísí a bheith ar fáil do chách, á tacú ag próiseas measúnaithe éileamh follasach agus inrochtana agus ag eagraíocht chostas-éifeachtúil.

### Cuspóir 5


Leanúint ar aghaidh ag cur go dearfach le timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta atá ag athrú in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird.

I rith 2014, lean an Bord Díobhálacha air ag obair i dtreo na Cuspóirí seo a bhaint amach. Déanann Codanna 1 go 4 den tuarascáil seo cur síos mion ar na tionscnaimh agus ar na gníomhartha a rinneadh i rith na bliana.



# Cuid 1

## Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.



# Cuid 1

## Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.

Cuid 1

### Dámhachtainí

Déanann an Bord Díobhálacha measúnú ar chúiteamh iníoctha as Díobhálacha Pearsanta a fulaingíodh de thoradh timpiste dliteanais phoiblí, ionaid oibre nó mótair. Caithfear de réir dlí gach cás dá leithéid a chur faoi bhráid an Bhoird mura réitítear é idir na páirtithe ag staid níos luaithe. I gcúinsí ina gceadaíonn an freagróir (an páirtí ar rinneadh an t-éileamh ina leith), go ndéanfadh an Bord Díobhálacha measúnú, tugtar an measúnú sin chun críche laistigh de thréimhse naoi mí. Sa chás go nglacann an dá pháirtí leis an measúnú, déantar an scéal a réiteach gan iontaoibh ar dhlíthíocht, a mbeadh dámhachtainí infheidhmithe le dlí ar aon dul leis na Cúirteanna mar thoradh air ach le costas riaracháin i bhfad níos ísle. In 2014, rinne an Bord 12,420 dámhachtain arbh fhiú €281.21 milliún iad.

Is éard is dámhachtain ann ná luach an chúitimh iníoctha le duine aonair i leith díobhála pearsanta a rinneadh trí locht duine eile. Áirítear ann Damáistí Ginearálta don phian agus don fhulaingt a rinne an díobháil agus Damáistí Speisialta do chaillteanas airgid – go dtí seo agus isteach sa todhchaí e.g. caillteanas tuarastail, costas cúram liachta etc. Baineann sonraí dámhachtainí sa tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní dhéantar difríocht idir Damáistí Speisialta agus Ginearálta.

Déantar Damáistí Ginearálta a mheas bunaithe ar an Leabhar Cainníochtaí, atá mar threoir ar leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ar www.injuriesboard.ie) agus a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar na Cúirteanna tagairt a dhéanamh dó faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta & Cúirteanna 2004. Cinntítear leis sin sa chás go scaoileann an Bord roinnt cásanna chuig na Cúirteanna gur féidir an leibhéal céanna dámhachtainí a dhearbhú do dhíobhálacha den sórt céanna, fad a thugtar aghaidh ar ábhair eile, mar dhíospóidí dliteanais, sa Chúirt.

Eascraíonn díospóidí mar sin de ghnáth in thart ar aon trian de chásanna díobhála pearsanta. Dá réir, d'éirigh le samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird dhá thrian de chásanna díobhála pearsanta a bhaint amach as dlíthíocht nach raibh aon ghá léi agus mar sin na costais ghaolmhara a shábháil agus an méid ama a bhíonn ar pháirtithe díobhálaithe fanacht le go mbronnfaí a gcúiteamh, a laghdú.

### Líon agus Luacha Dámhachtainí

Rinne an Bord a bunaíodh in 2004 a chéad Dámhachtainí in 2005. Leagann Tábla 1.1 amach líon agus luach na nDámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006. Tá breis agus 80,000 dámhachtain déanta ag an mBord le luach a sháraigh €1.8 billiún go dtí seo.

**Tábla 1.1** Líon agus Luach Dámhachtainí de réir bliana

| | Líon na nDámhachtainí | Luach Dámhachtainí |
|---|---:|---:|
| 2014 | 12,420 | €281.21m |
| 2013 | 10,656 | €243.46m |
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Iomlán** | **82,694** | **€1,852.77m** |

Bhí méadú de 16% ar líon na ndámhachtainí a rinneadh in 2014. Áirítear ar na príomhchúiseanna leis seo: méideanna méadaithe éileamh a rinneadh in 2013 a ndearnadh measúnú orthu i rith 2014, feabhsúcháin táirgiúlachta shuntasacha bliain ar bhliain agus úsáid mhéadaithe samhail an Bhoird

Bhí an meándámhachtain de €22,642 in 2014 beagán níos ísle ná an meándámhachtain de €22,847 in 2013.

ag freagróirí/árachóirí, trína thoilíonn líon níos mó freagróirí/árachóirí do mheasúnú cásanna ag an mBord.

**Fíor 1.1** Briseadh Síos ar Dhámhachtainí 2014 de réir Catagóire

Dliteanas Mótair
75%

Dliteanas Fostóra
8%

Dliteanas Poiblí
17%

**Fíor 1.2** Luach Meándámhachtainí de réir Catagóire in 2014 i gComparáid le 2013

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| DLITEANAS MÓTAIR | €21,215 | €21,730 |
| DLITEANAS FOSTÓRA | €32,134 | €28,886 |
| DLITEANAS POIBLÍ | €24,677 | €25,120 |
| MEÁN FORIOMLÁN | €22,642 | €22,847 |

Cuid 1

## Dámhachtainí de réir Catagóir Éilimh

In 2014, bhain 75% (9,328) de líon na ndámhachtainí go léir le cásanna Mótair, bhain 8% (941) le Dliteanas Fostóra agus 17% (2,151) le Dliteanas Poiblí. Níor tháinig aon athrú ar an mbriseadh síos ó 2013.

## Luach Dámhachtainí de réir Catagóire

Léiríonn Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí de réir gach ceann de na catagóirí in 2014 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. B'ionann meánluach dámhachtana agus €22,642 in 2014, beagán faoi bhun na meándámhachtana de €22,847 in 2013. Féadfaidh líon na gcásanna i ngach catagóir a bheith éagsúil ó bhliain go bliain, athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh éileamh nua á léiriú. Féadfaidh athruithe ar ghéaraíocht agus ar líon na n-éileamh gach bliain a bheith mar bhonn le héagsúlacht ar an meándámhachtain.

I rith 2014, agus iad ag teacht le blianta roimhe seo, ba iad na meándámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ab airde, ag €32,134, rud a léiríonn nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí ag an ionad oibre, díobhálacha a bhíonn níos tromchúisí agus níos casta go minic. Cuireann Cuid 2 den Tuarascáil seo anailís níos monsonraithe ar fáil ar na catagóirí sonracha éileamh.


## Raon Dámhachtainí – Na Dámhachtainí is Airde/is Ísle

Léirítear na dámhachtainí is ísle agus is airde i bhFíor 1.3. Próiseálann an Bord éilimh ó chásanna íseal déine go cásanna an-tromchúiseacha Rinneadh an Dámhachtain is airde go dtí seo (€1,390,043) in 2013.

### Tábla 1.2 Briseadh síos ar Líon Iomlán Dámhachtainí in 2014 (de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh)

| Catagóir Meánluacha (€anna) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 5,930 | 351 | 1,073 | 7,354 |
| 20-38k | 2,679 | 363 | 730 | 3,772 |
| 38-100k | 664 | 208 | 338 | 1,210 |
| >100k | 55 | 19 | 10 | 84 |
| **Go léir** | **9,328** | **941** | **2,151** | **12,420** |

### Fíor 1.3 Raon Dámhachtainí




Tabhair ar aird: Níl aon teorainn le luach dámhachtainí a bhfuil údarás ag an mBord a bhronnadh. Athraíonn luach dámhachtainí áfach i gcoibhneas nádúr agus déine na ndíobhálacha a fhulaingítear in aon timpiste ar leith.

## Anailís ar Luach agus Catagóir Éilimh

Bíonn beagnach 6 as 10 (59%) de gach dámhachtain de chuid an Bhoird Díobhálacha faoi bhun €20,000 agus 9 as 10 (90%) faoi bhun €38,000. Ba ghné sheasmhach é seo le blianta beaga anuas.

Baineann na díobhálacha a fulaingíodh le fíochán bog nó le bristeacha den chuid is mó – nó le meascán den dá rud. Bhí titim an-bheag ar chéatadán na gcásanna faoi €20,000 (61% in 2013 i gcomparáid le 59% in 2014).

Bíonn 90% de dhámhachtainí díobhála pearsanta faoi bhun €38,000, mar sin is léir gur eisceacht i gcónaí iad díobhálacha tromchúiseacha. Tiomáineann an líon ard éileamh lena mbaineann luach íseal nó meánluach an bunbhille éileamh cúitimh comhiomlán in Éirinn, a chuimsíonn freisin éilimh do dhamáiste maoine agus cúltacaí airgeadais a theastaíonn le freastal ar éilimh gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tionchar díreach ar deireadh aige seo ar chostas na bpréimheanna árachais do thomhaltóirí agus do ghó in Éirinn. Tá an Bord ag leanúint air agus amlíne níos tapa agus costais riaracháin níos ísle á thiomáint do phróiseáil éileamh díobhála pearsanta, sa chaoi go gcuirfí an coigilteas atá á dhéanamh ar an líon mór éileamh ar luach íseal isteach i gcostas préimheanna árachais níos inbhuanaithe.

Tá beagnach 6 as 10 (59%) de dhámhachtainí uile an Bhoird Díobhála faoi bhun €20,000 agus 9 as 10 (90%) faoi bhun €38,000. Bhí sé seo seasmhach le blianta beaga anuas.

Cuid 1

**Tábla 1.3**

| BAILE ÁTHA CLIATH | Meándámhachtain 2014 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €20,222 |
| Dliteanas Fostóra | €27,972 |
| Dliteanas Poiblí | €22,773 |
| **AN CHUID EILE DE LAIGHIN** | **Meándámhachtain 2014** |
| Dliteanas Mótair | €22,097 |
| Dliteanas Fostóra | €32,744 |
| Dliteanas Poiblí | €25,049 |
| **CONNACHTA ULAIDH*** | **Meándámhachtain 2014** |
| Dliteanas Mótair | €24,009 |
| Dliteanas Fostóra | €37,832 |
| Dliteanas Poiblí | €28,681 |
| **AN MHUMHAIN** | **Meándámhachtain 2014** |
| Dliteanas Mótair | €20,207 |
| Dliteanas Fostóra | €34,674 |
| Dliteanas Poiblí | €24,738 |

* Contaetha Phoblacht na hÉireann

Tá an Bord ag iarraidh samhail chódaithe díobhála idirnáisiúnta a ghlacadh chuici, bunaithe ar eolas liachta (samhail ICD10 na hEagraíochta Domhanda Sláinte) agus tá sé ag obair faoi láthair le gníomhaireachtaí eile ina leith seo. Trí chódú ár sonraí díobhála de réir na samhla seo, beidh anailís fheabhsaithe ar dhéine díobhálacha agus ar údair timpiste indéanta agus rachaidh sé chun tairbhe go háirithe d'eagraíochtaí/do ghníomhaireachtaí chun timpistí a chosc.

Tá anailís mhionsonraithe ar dhámhachtainí de réir réigiúin agus contae le fáil in Aguisín 3.

## Meándámhachtain de réir Réigiúin/ Catagóire 2014

Léiríonn Tábla 1.3 briseadh síos ar mheánluach na ndámhachtainí de réir catagóire ar bhonn réigiúnaigh. Bíonn luach níos airde ag dámhachtainí Dliteanas Fostóra de ghnáth, mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí san ionad oibre. Léiríonn éagsúlachtaí réigiúnacha nádúr faoi leith na dtimpistí a bhí i gceist.

**Tábla 1.4** Líon Éileamh de réir Catagóire le Cúig Bliana Anuas

| Líon na nÉileamh | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| Éilimh Iomlána | 31,576 | 31,311 | 29,603 | 27,669 | 26,964 |
| Dliteanas Mótair | 18,994 | 18,877 | 17,443 | 16,351 | 15,971 |
| Dliteanas Fostóra | 4,368 | 4,040 | 3,828 | 3,866 | 3,742 |
| Dliteanas Poiblí | 8,214 | 8,394 | 8,332 | 7,452 | 7,251 |

## Amlíne Measúnaithe

Tá sé de dhualgas ar InjuriesBoard.ie, faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de 9 mí den fhreagróir (iad siúd atá ag freagairt d'éilimh – lucht árachais den chuid is mó thar ceann sealbhóirí polasaí) toiliú don phróiseas measúnaithe. Léiríonn torthaí 2014 don Bhord Díobhálacha gur 7 mí a bhí sa mheánmhéid ama chun Dámhachtainí a sheachadadh.

### Fíor 1.4 Amlíne Cúitimh

Ón Dáta Toilithe go Dáta na Dámhachtana

**7 mí**

Réamh-InjuriesBoard.ie

**36 mí**

## Iarratais (Éilimh)

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (seachas eisceachtaí de réir an Achta mar fhaillí liachta) a chur ar aghaidh chuig an Bord Díobhálacha. Féadfaidh éilitheoirí déileáil go díreach leis an mBord nó féadfaidh siad iarraidh ar thríú páirtí, lena n-áirítear aturnaetha, a n-éileamh a chur isteach thar a gceann ar a gcostas féin. Is córas riaracháin furasta le húsáid é seo gan aon éisteachtaí béil nó próisis sháraíochta agus cuireann an Bord cuid mhór tacaíochtaí ar fáil d'éilitheoirí ar mian leo a n-éilimh a láimhseáil iad féin le híoc táillí neamhriachtanach do thríú páirtí a sheachaint. Ceanglaíonn an Bord ar dhochtúir(í) cóireála nuashonrú leighis a sholáthar bunaithe ar thaifid chóireála dá n-othar bainteach le díobhálacha na timpiste. Ag an bpointe seo ceapann an Bord na saineolaithe neamhspleácha riachtanacha chun cuidiú leis na Measúnóirí Reachtúla nádúr iomlán agus méid na díobhála a chinneadh lena n-áirítear caillteanais airgeadais mar ioncaim laghdaithe, costais liachta agus costais eile dá leithéid ag éirí as díobhálacha na timpiste. Ar uairibh d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná tuairisc amháin ag teastáil ag brath ar nádúr na díobhála a fulaingíodh, staid an athshlánúcháin agus an phrognóis liachta todhchaí. Cinntíonn an Bord, mar chomhlacht Stáit neamhspleách, go ndéantar gach rud a chomhlánú go lánchúramach. Uaireanta baineann an Bord leas as amlínte sínithe ach, mar a léiríonn ár dtorthaí, ba é 7 mí an meán-amlíne do dhámhachtain in 2014.


Agus éilimh á measúnú agus cúiteamh á bhronnadh, ní dhéanann an Bord aon idirdhealú idir iarratasóir díreach agus éilitheoir a íocann idirghabhálaí leis an iarratas a phróiseáil don Bhord thar a gceann. In 2014 fuair an Bord Díobhálacha 31,576 iarratas in iomlán ar éilimh dhíobhála pearsanta, ardú de níos lú ná 1% ar 2013. Mhéadaigh éilimh mótair de níos lú ná 1%, mhéadaigh éilimh bainteach leis an Ionad Oibre de 8%, agus tháinig laghdú de 2% ar éilimh Dliteanas Poiblí. Go dtí seo fuair an Bord breis agus 260,000 éileamh ó bunaíodh é.

Léiríonn anailís bhreise gur mhéadaigh iomlán na mbunéileamh a fuair an Bord de bheagnach aon chúigiú (18%) ó 2010, tiomáinte ag éilimh mhótair a mhéadaigh de thart ar an gceathrú cuid le cúig bliana anuas. Féach Tábla 1.4.

## In 2014 fuair an Bord Díobhálacha 31,576 iarratas in iomlán ar éilimh dhíobhála pearsanta, méadú de níos lú ná 1% ar 2013. Go dtí seo tá breis agus 260,000 éileamh faighte ag an mBord ó bunaíodh é.


Is cosúil go léiríonn an méadú seasmhach ach rialta i líon na n-éileamh thar an tréimhse chúig bliana go 2014 an méadú ar líon na n-éileamh mótair cé nár léir aon ardú ar líon na dtimpistí. Mar a tuairiscíodh roimhe is é is dócha go bhfuil roinnt cúinsí bainteach leis an méadú lena n-áirítear iompar freagróirí a bhfuil líon níos mó agus níos mó díobh ag roghnú leas a bhaint as próiseas measúnaithe an Bhoird Díobhála ag an táille laghdaithe de €600 (an leibhéal is ísle ó uair a bhunaithe in 2004). Bhí an méadú ar éilimh a fuair an Bord in 2014 níos lú ná 1%.

Leis an margadh éileamh díobhála pearsanta a thuiscint agus le Anailís Costais is Tairbhe a thabhairt chun críche ar oibríochtaí an Bhoird, ní féidir an pictiúr iomlán maidir le líon foriomlán na n-éileamh a dhearbhú go cinnte gan rochtain ar shonraí margaidh iomlána. Lorg an Bord na sonraí sin ó Insurance Ireland agus ó Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit agus tá sé ag plé leo faoin gcaoi is fearr leis na sonraí a sholáthar agus a chur i dtoll a chéile.



# Cuid 2

## Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.



# Cuid 2

## Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.

Cuid 2

Deich mbliana ó shin ní raibh an dara rogha ag éilitheoir a d'fhulaing díobháil phearsanta ach dul sa tóir ar a éileamh tríd an gcóras dlíthíochta. Thóg sé 3 bliana ar an meán éilimh a réiteach agus an móramh réitithe gan gá le héisteacht chúirte a leagfadh moilleanna agus costais do-ghlactha ar thomhaltóirí, ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí ina iomláine.

Deich mbliana ina dhiaidh sin seachadann samhail neamhsháraíochta an Bhoird réitigh d'éilitheoirí gan aon ghá le dlíthíocht i níos lú ná 9 mí, i gcomórtas le trí bliana, ar chostas seachadta níos lú ná 7% i gcomparáid le costas dlíthíochta arbh 46% é in 2003 agus atá níos airde fós anois ag 58%.

### I. Seirbhísí Cúirteanna:

Nuair a bhíonn timpiste ag dhá pháirtí féadfaidh siad an t-éileamh a shocrú eatarthu i gcónaí. Mura féidir an t-éileamh a réiteach, ní raibh an dara rogha ag an éilitheoir díobhálaithe, roimh thús feidhmíochta an Bhoird in 2003, ach coinneáil lena éileamh tríd an gcóras dlíthíochta. Thóg sé trí bliana éilimh trí na Cúirteanna a réiteach agus do gach €100 a íocadh mar chúiteamh íocadh €46 eile i gcostais sheachadta. Ag an am eisíodh imeachtaí do chúiteamh ar dhíobháil phearsanta i 30,000-35,000 cás ar bhonn bliantúil. Chuaigh sé seo i gcionn ní hamháin ar dháileadh acmhainní a bhí gann sna Cúirteanna, ach ar éilitheoirí freisin a raibh moill fhada rompu maidir le héisteacht chúirte ionchasach.

Bunaíodh an Bord le cúiteamh a sheachadadh chuig éilitheoirí díobhálaithe gan aon ghá le dlíthíocht i gcásanna iomchuí. Feidhmíonn an Bord córas riaracháin páipéar-bhunaithe neamhsháraíochta nach mbíonn éisteachtaí ó bhéal i gceist ann. Mura féidir éileamh a réiteach, tá ar an éilitheoir a éileamh a chur faoi bhráid an Bhoird lena mheasúnú. Má ghlactar le measúnú on mBord íocann an páirtí atá freagrach méid an mheasúnaithe cúitimh leis an éilitheoir agus tá deireadh le cúrsaí.

Áirítear inniu go réitítear 70% d'éilimh gan gá le dlíthíocht, rud a fhágann go mbíonn na Cúirteanna saor chun déileáil leis na héilimh níos casta a chonspóidtear agus na héilimh sin atá lasmuigh de shainchúram an Bhoird, mar fhaillí liachta.

### II. Costais Iomaíochais/ Árachais:

Mar atá leagtha amach níos mionsonraithe sa chaibidil a leanas, tá an Bord Díobhálacha féimhmhaoinithe, tar éis dó deontas bunaithe tosaigh ón Státchiste a aisíoc i Nollaig 2011. Gineann an Bord táille ioncaim ó na héilitheoirí agus ó na freagróirí. D'fhág feabhsúcháin éifeachtúlachta leanúnacha le blianta beaga anuas go raibh laghduithe leantacha ar na táillí a ghearrtar, arbh ionann in iomlán é agus 42% do na freagróirí sa tréimhse dhá bhliana go Eanáir 2013. Tá an táille reatha de €600 ag an leibhéal is ísle anois ó thosaigh an Bord ag láimhseáil cásanna.

Tugadh mandáid don Bhord aghaidh a thabhairt ar chostas seachadta cúitimh agus an tréimhse ama inar seachadadh é a laghdú. Mar a bhfuil cur síos air in áit eile sa tuarascáil seo, laghdaíodh costais sheachadta agus ama go suntasach. Tá roinnt mhaith cúinsí eile a chuireann le costas árachais mar fhrithghealladh polasaithe, cur chuige i leith sciar margaidh agus praghsáil. Bhí siad seo, agus tá i gcónaí, lasmuigh de shainchúram an Bhoird.

D'fhág an coigilteas coibhneasta ó phróiseáil cháis tríd an mBord Díobhálacha, i gcomparáid le dlíthíocht, go raibh coigilteas costais

Déanann samhail neamhsháraíochta an Bhoird réitigh a sheachadadh d'éilitheoirí gan gá le dlíthíocht i níos lú ná 9 mí.

substainteach ann (€85 milliún go díreach in 2014) dóibh siúd a bhí ag íoc amach ar éilimh. Cuireann sé seo, ina sheal, brú mór anuas ar phréimheanna árachais chun leasa tomhaltóirí, gnólachtaí agus an tsochaí ina iomlán. De thoradh iarrachtaí an Bhoird agus bearta leasaithe árachais eile, laghdaigh préimheanna árachais mótair de 40% i dtéarmaí réadacha idir 2002 agus 2013. Chonacthas méadú ar phréimheanna in 2014, le linn don Bhord costais sheachadta a laghdú i gcónaí agus do luacha dámhachtana fanacht cobhsaí.

## III. Taithí Éilitheora:

Faoin samhail dlíthíochta b'éigean do dhuine a ndearnadh díobháil dó de thoradh timpiste arbh páirtí eile ba chúis leis más fíor, an tráma agus an strus breise a bhaineann le láithreacht ionchasach Chúirte a fhulaingt chun éileamh dlisteanach a dhéanamh, lena n-áirítear na costais as póca a tabhaíodh thar thréimhse trí bliana. Cuireadh leis an strus seo le seasamh réamhshocraithe cosantóirí agus/nó a n-árachóirí agus ba é sin dliteanas a shéanadh. Ba phróisis na sáraíochta a bhí i gceist, iad casta agus dleathaíoch a d'fhág go raibh sé dosheachanta uiríll dhlíthiúla a dhéanamh i bhformhór na gcásanna.

Sa lá atá inniu ann is féidir éileamh a chur isteach díreach tríd an bpost nó ar líne. De ghnáth beidh fhios ag an éilitheoir laistigh de thrí mhí ar a mhéid ó iarratas comhlánaithe má tá an freagróir ag iarraidh go ndéanfaidh an Bord an t-éileamh a mheasúnú, agus sa chás seo déanfar dámhachtain laistigh de naoi mí ó dháta an toilithe seo. Taobh amuigh de chostais liachta, is é an t-aon chostas láithreach ná táille iarratais €45 in-aisíoctha agus bíonn rochtain ag éilitheoirí ar Ionad Seirbhíse Tomhaltóra tiomanta mar aon le tacaíocht ar líne le haghaidh cúnaimh ar feadh an phróisis. Tá sé níos éasca anois dóibh siúd a d'fhulaing díobháil agus a chreideann go bhféadfadh go mbeidís i dteideal cúitimh, iarratas a dhéanamh leis an mBord ach cinntíonn an próiseas nach féidir leis an mBord measúnú a dhéanamh ach ar na héilimh sin ina bhfuil an freagróir (an chuideachta árachais de ghnáth) tar éis toiliú cheana do mheasúnú.

## IV. Léargas ar Pholasaí agus ar Éilimh:

Agus a shainchúram á chomhlíonadh chun dámhachtainí cúitimh a sheachadadh, bailíonn an Bord Díobhálacha sonraí substainteacha ar dhíobhálacha agus ar chúinsí timpistí i réimse leathan suíomhanna. Tugann rochtain ar na sonraí seo, gan tréithe pearsanta luaite, léargas tábhachtach ar na cineálacha díobhálacha ar féidir le daoine a fhulaingt agus ar nádúr na dtimpistí a mbíonn siad páirteach iontu. Is féidir leis an eolas staitistiúil seo a bheith thar a bheith úsáideach dóibh siúd atá freagrach as bainistiú riosca agus cosc timpistí, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Stáit eile. Is féidir léargas dá leithéid cuidiú leis an bpobal ginearálta trí chur ar chumas an Bhoird aird a tharraingt ar rioscaí mar aon le léargas a bheadh ag teacht chun cinn ar bhearta agus ar bheartais athshlánúcháin. Nuair a ghlactar leis go bhfuil próiseáil na n-éileamh seo níos tapa agus níos cost-éifeachtúla, eascraíonn an cheist eile – an féidir linn úsáid a bhaint as na sonraí éilimh le tionchar timpistí a chosc nó a laghdú níos fearr, i.e. minicíocht agus/nó déine timpiste? Cuireann sonraí an Bhoird ar chumas an Bhoird tráchtaireacht a dhéanamh go hoibiachtúil freisin ar chúrsaí ar mhaithe le leas an phobail. Mar shampla, agus é ag obair ar mhaithe le leas an phobail, leanann an Bord ag tabhairt dúshlán na ndaoine a bhfuil méaduithe ar phréimheanna á moladh acu, nuair nach léir go bhfuil na méaduithe seo riachtanach.

I gcás go n-aithníonn an Bord treochtaí atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh brú in airde a chur ar phréimheanna árachais do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí mura ndéanfaí iad a fhiosrú, tógann an Bord na saincheisteanna seo leis na geallsealbhóirí ábhartha. Le blianta beag anuas bhí an Bord criticiúil faoi fhógraíocht bhreise seirbhísí déileála éileamh, go háirithe ag cuideachtaí éileamh feirme.

I mblianta roimhe seo, d'fhoilsigh an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar dhíobhálacha a d'eascair as timpistí san ionad oibre, timpistí mótair agus timpistí in áiteanna poiblí. Thug na hathbhreithnithe seo léargas suntasach ar thimpistí agus ar na héifeachtaí ina dhiaidh sin ar na daoine a bhí bainteach leis na teagmhais agus a rachaidh chun tairbhe iad siúd atá freagrach as bainistiú riosca. Mar fhoinse seasmhach eolais, tá an t-ionchas aige freisin a bheith giaráilte le cuidiú i dtimpistí a laghdú. In 2014 d'fhoilsigh a Bord dhá thuarascáil dá leithéid.

Ar phríomhstaitisticí ó anailís an Bhoird Díobhálacha ar dhámhachtainí dliteanas fostóra in 2013 (curtha ar fáil agus foilsithe in 2014) áiríodh seo a leanas:

- Ba iad sciorradh, tuislí agus titim na cineálacha is coitianta timpiste agus ba iad faoi ndear beagnach aon trian (30.8%) de na dámhachtainí go léir do thimpistí ag an ionad oibre.
- Bhí formhór mór na ndámhachtainí (80%) faoi bhun €38,000.
- Ba é €28,886 an mheándámhachtain do thimpiste ag an ionad oibre. Bhí an mheándámhachtain d'fhir beagán níos airde ag €29,523, agus fuair mná meándámhachtain de €27,441.
- Is oibrithe san aoisghrúpa ó 25 go 34 a fuair formhór na ndámhachtainí (31.6%).
- Tá sé dhá uair chomh dóchúil go mbainfeadh díobháil san ionad oibre d'fhir seachas mná agus ba iad na fir faoi ndear 7 as 10 dámhachtain (69.4%) agus ba mhná faoi ndear an 3 as 10 (30.6%) de na dámhachtainí a bhí fanta.
- Do na trí bliana deireanacha áiríodh gurb é an Déardaoin i Samhain an lá oibre ba choitianta do thimpistí ag an ionad oibre agus ba é an Domhnach an lá leis an líon ba lú timpistí agus ba é Aibreán an mhi ba shábháilte.
- Ba iad Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach na contaetha ab airde dámhachtainí agus bhí an líon ab ísle ag Liatroim, Ros Comáin, Sligeach agus Laois.

Ba iad seo a leanas na príomhstaitisticí ó anailís an Bhoird Díobhálacha ar dhámhachtainí dliteanas poiblí in 2013 (a cuireadh ar fáil agus a foilsíodh in 2014):

- Ba é €25,120 an mheándamhachtain d'éileamh dliteanas poiblí. Ba é €25,664 an mheándámhachtain d'fhir, agus meándámhachtain de €24,902 do mhná.
- Tá sé dhá uair chomh dóchúil go bhfulaingeodh mná díobháil in áit phoiblí ná fir, iad faoi ndear breis agus 7 as 10 dámhachtain (71.4%), agus fir faoi ndear an 3 as 10 (28.6%) cás a bhí fánta.
- Is daoine san aoisghrúpa 25 go 64 a fuair dhá dtrian de na dámhachtainí dliteanas poiblí. Is iad na daoine san aoisghrúpa 18-24 is lú dóchúlachta dámhachtain PL a fháil ag 8.3% de chásanna.
- Sciorradh, tuislí agus titim na cineálacha is coitianta timpiste.
- Bhí formhór mór na ndámhachtainí (85%) faoi bhun €38,000.

Agus é ag feidhmiú chun leasa an phobail, leanann an Bord air ag tabhairt dúshlán na ndaoine sin a mholann méaduithe ar phréimheanna.

- Don tríú bliain as a chéile ba é an Satharn an lá ba choitianta do thimpistí in áit phoiblí agus tharla an líon is lú timpiste ar an Máirt, mar a bhí in 2012.
- Le trí bliana anuas ba é Eanáir an mhí ba shábháilte agus is in Iúil a tharla an líon is airde timpistí i rith na bliana, figiúirí na 3 bliana deireanacha á gcur san áireamh.
- Bhí an céatadán is airde dámhachtainí in 2013 ag Baile Átha Cliath (37%), an Mhumhain ansin (29%), an chuid eile de Laighin (19%) agus Connachta/Ulaidh (13%).

Ba iad sciorradh, tuislí agus titim faoi ndear breis agus dhá dtrian de dhíobhálacha pearsanta in áiteanna poiblí agus áirítear orthu timpistí ar urláir/dhromchlaí fliucha, cosáin mhíchothroma/bhriste, draenacha agus dúnphoill. Áiríodh ar na díobhálacha a d’eascair dá mbarr bristeacha, díobhálacha fíocháin bhoig, ballbhrú, gearrthóga agus stolltaí. Ar thimpistí eile áiríodh iad sin ina raibh nithe ag titim nó ag eitilt tríd an spéir (5%) agus timpistí a mbeadh dónna agus scalltaí (2.5% de dhámhachtainí) bainteach leo. Bhí ainmhithe i gceist i 2% de thimpistí In áit phoiblí, lena n-áirítear ionsaithe ó mhadraí, greim á bhaint ag madraí, ionsaithe ó tharbh, a bheith brúite faoi chois ag capall agus rothaithe agus madraí ag bualadh in aghaidh a chéile.

Bronnadh breis agus 40 dámhachtain do thimpistí a tharla in ollmhargaí, lena n-áirítear díobhálacha ó thralaithe agus ciseáin, agus tharla beagnach 100 teagmhas i saoráidí áineasa mar chlubanna spóirt/spórtlanna, pictiúrlanna agus gruagairí.

## V. Tionscnaimh Leasaithe


Mhol an Bord roinnt tionscnamh leasaithe le go gcuirfeadh eagraíochtaí eile i bhfeidhm iad, mar seo a leanas:

### Aisíocaíocht Sochair Leasa Shóisialaigh bainteach le timpiste don Stát

Mhol an Bord go dtabharfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí aghaidh ar aisghabháil na sochar leasa shóisialaigh seo bainteach le timpiste mar chuid d’aon éileamh díobhála pearsanta a mbeadh faighteoir na sochar Stáit ag gabháil dó faoi dheireadh. Cuireadh tús leis an gcuid den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013 bainteach le aisghabháil sochar ar 1 Lúnasa 2014. Meastar go ndéanfaidh an t-athrú coigilteas de thart ar **€20m** a sheachadadh don Stát ar bhonn bliantúil agus fágfar aon ghné d’íocaíocht dúbailte as an áireamh.


### Creat-chomhaontú do sholáthraithe seirbhíse seachtracha

Ceadaíonn samhlacha seachadta seachtracha, mar an tsamhail d’Ionad Seirbhíse ar ghlac an Bord leis, solúbthacht níos mó ó thaobh uaireanta oibre agus éagsúlachtaí i líon na hoibre. Ceadaíonn siad d’eagraíochtaí nuáil go leanúnach agus leas a bhaint as réitigh sreabhadh oibre cúloifige nach mbeadh ar fáil seachas sin. Tá gníomhaíochtaí cineálacha mar ghnáthsheirbhísiú glaonna, bainistiú doiciméad, iontráil sonraí agus bainistiú fiachais ar fáil. Cuireann na samhlacha seo réiteach éifeachtach agus cost-éifeachtúil ionchasach ar fáil d’orgáin eile de chuid an Stáit. Is féidir le cur chuige dá leithéid costas seachadta seirbhísí a ísliú le linn dó seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don saoránach. Tá an Bord rannpháirteach go gníomhach leis an Rialtas dá réir, le státseirbhísí, agus le gníomhaireachtaí eile maidir le deiseanna leasaithe trasfheidhme ionchasacha ina leith seo. Tar éis comhaontaithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe bhí ról treorach ag an mBord i mbunú Creata do Sheirbhísí Tacaíochta Próiseas Gnó in Aibreán 2014, agus i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais.



# Cuid 3

## Na costais riaracháin a bhaineann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a laghdú.



# Cuid 3

Na costais riaracháin a bhaineann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a laghdú.

Cuid 3

## Gníomhaireacht Fhéinmhaoinithe

Ba é 2014 an t-ochtú bliain as a chéile inar fheidhmigh an Bord gan aon chostas ar an Státchiste ná ar an gcáiníocóir. Mar a tuairiscíodh roimhe, in 2011, rinne an Bord aisíoc ar an deontas bunaidh tosaigh a fuair sé ón mháthair-Roinn. Ó bunaíodh an Bord ba ranníocóir glan ar an Státchiste é, gan aon airgead á fháil aige ach ranníocaíocht á dhéanamh i dtéarmaí cánach, ÁSPC agus íocaíochtaí pinsin mar aon le hiomaíochas a spreagadh don tsochaí agus don gheilleagar ina iomláine.

Tagann ioncam an Bhoird ó na táillí a ghearrann sé, ar fhreagróirí go príomha (nó ar a gcuid árachóirí), agus gearrtar táille iarratais bheag ar éilitheoirí. In 2014, ghearr an Bord táille €600 ar fhreagróirí agus €45 ar éilitheoirí. Laghdaíodh an táille d'fhreagróirí ó €850 go €600 le héifeacht in 2013 a léirigh laghdú de 29% ar leibhéil 2012. Os rud é gur árachóirí go príomha a thabhaíonn na costais seo cuideoidh sé le tuilleadh brú síos a chur ar phréimheanna. Laghdaigh préimheanna árachais mótair de 40% i dtéarmaí réadacha go dtí deireadh 2013 de thoradh tabhairt isteach an Bhoird Díobhálacha mar aon le bearta leasaithe eile, cé go bhfacthas méaduithe arís in 2014 mar a tagraíodh dó níos luaithe sa tuarascáil seo.

Thaifead an Bord barrachas de €1.3m in 2014. Bhí an líon iarratas, a thiomáineann ioncam, mórán ar aon dul le leibhéil 2013. B'ionann ioncam iomlán don bhliain agus thart ar €12 milliún mórán mar a bhí in 2013.

## Fócas Leantach ar Éifeachtúlacht

Bhí fócas leantach in 2014 ar luach ar airgead a fháil sna soláthairtí agus na seirbhísí a sholáthair an Bord. Baineadh úsáid as cur amach ar tairiscintí iomaíocha agus baineadh an leas ba mhó ab fhéidir as conarthaí Rialtais Láir le coigilteas a éascú.

Déanann an Bord iarracht a sholáthraithe a íoc laistigh de théarmaí na reachtaíochta prasíocaíochta (ar 30 lá é ó réiteach aon saincheisteanna a eascraíonn as sonrascú). In 2014, bhí comhlíonadh sa bhreis ar 99% againn agus 94% de na sonraisc íoctha laistigh de Threoirlínte an Rialtais de 15 lá. I gcásanna inar sháraigh líon na laethanta 30 lá, íocadh ús íocaíochta pras. B'ionann méid an úis phrasíocaíochta in 2014 agus €3,360. Tá na tuairisceáin ráithiúla ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Íocann an Bord thart ar 23,000 sonrasc in aghaidh na bliana. In 2014 íocadh 92% de na sonraisc seo le Aistriú Cistí Leictreonach, méadú ar leibhéil 2013 agus ag teacht leis an tionscnamh ríomhRialtais.

Ba é 2014 an t-ochtú bliain as a chéile in ar fheidhmigh an Bord gan aon chostas ar an Státchiste nó ar an gcáiníocóir.

### Tábla 2.1 Líon agus Luach Iomlán Dámhachtainí Glactha an Bhoird Díobhálacha

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí Glactha | 5,387 | 5,038 | 5,875 | 6,124 | 6,476 | 7,519 |
| **Luach Iomlán Dámhachtainí Glactha** | **€118.20m** | **€108.24m** | **€122.71m** | **€127.62m** | **€142.57m** | **€165.97m** |

Cuid 3

### Tábla 2.2 Costais Sheachadta agus Coigilteas Costais Mheasta an Bhoird Díobhálacha

| | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlána an Bhoird Díobhálacha | €10.3m | €9.52m | €10.68m | €11.47m | €10.76m | €11.17m |
| Costais Dlíthíochta Inchomparáide | €54.4m | €49.79m | €56.45m | €58.71m | €65.58m | €96.26m |
| **Coigilteas Iarbhír** (An Bord Díobhálacha Vs. an Córas Dlíthíochta ag glacadh le costais 46% sa Chóras Dlíthíochta, coigeartaithe go 58% ó 2014) | **€44.1m** | **€40.27m** | **€45.59m** | **€47.24m** | **€54.82m** | **€85.09m** |

## Coigilteas Costais

In 2014, sheachaid an Bord Díobhálacha an leibhéal reatha cúitimh ar chostas seachadta 6.7% i gcomórtas le costais faoin gcóras dlíthíochta a meastar ag 58% anois. Níl costais sheachadta an Bhoird bunaithe ar chéatadán de mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta den chuid is mó iad. Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, tugann sonraí atá ar fáil ó scéimeanna cúitimh lasmuigh de shainchúram an Bhoird le fios gur ábhar suntasach imní i gcónaí iad costais dlíthíochta in Éirinn. Is cosúil go mbaineann costais dlíthíochta atá cuid mhór níos mó ná an meán de 58% dá dtagraítear thuas le cuid mhór cásanna díobhála pearsanta a próiseáiltear lasmuigh de chóras neamhsháraíochta an Bhoird.

Úsáideann an anailís thíos an figiúr 58% seo, bunaithe ar an rud go gcreidimid anois gur costais dlíthíochta an lae inniu iad. Go gairid, ní hé amháin go mbeadh costais árachais tar éis fanacht i bhfad ró-ard mura mbeadh gur bunaíodh an Bord agus go mbeidís tar éis leanúint orthu ag ardú. I gcomhthéacs ár ngeilleagair le cúig bliana anuas amháin, bheadh se seo tar éis costas breise agus dofhulaingthe a chur ar an saoránach aonair agus ar an bpobal gnó trí chéile.

In 2014, ghlac custaiméirí an Bhoird Díobhálacha le 7,519 Dámhachtain a raibh cúiteamh de €165.97 milliún de thoradh orthu. Tá na figiúirí cuí ó 2009 le fáil i dTábla 2.1. Bhí méid na ndámhachtainí ar glacadh leo ag circa 60%, seasmhach go maith le 6 bliana anuas. Is cosúil go réitítear céatadán mór de na dámhachtainí a ndiúltaítear dóibh go luath ina dhiaidh sin mar nach mbíonn siad le feiceáil sna sonraí dlíthíochta ón tSeirbhís Chúirteanna. Bíonn tionchar ar luach foriomlán an chúitimh a bhronnann an Bord Díobhálacha ag an meascán éileamh a fhaightear i.e. an éileamh Mótair, Áit Phoiblí nó Ionad Oibre atá i gceist, mar aon le déine na ndíobhálacha agus na gcaillteanas airgeadais laistigh de gach ceann de na catagóirí seo.

## Coigilteas Díreach:


Cé go ndearna an Bord 12,420 Dámhachtain in 2014, ní áiríonn an Bord ina mheasúnú, chun críocha coigiltis dhírigh a ríomh, ach na Dámhachtainí a nglacann éilitheoirí agus freagróirí araon leo. Is ríomh thar a bheith coimeádach é seo dá réir, toisc nach gcuireann sé san áireamh cásanna ina n-éascaíonn an Bord réiteach díreach ag céim luath sa bpróiseas mar aon le cásanna a dtugtar chun críche díreach le linn nó díreach tar éis an phróisis seo againne. Tarlaíonn réiteach dá leithéid idir na páirtithe de bharr phróisis éascaithe an Bhoird den chuid is mó. Cuirimid ardán do réiteach agus do chlabhsúr ar fáil ag roinnt pointí ar feadh an phróisis seo againne.

Léiríonn Tábla 2.2 costais sheachadta iarbhír an Bhoird Díobhálacha de €11.17m agus cuireann i gcomparáid é leis an bhforchostas measta chun an luach dámhachtana céanna a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta (58%) i.e. €96.26m. Léirítear an coigilteas a bhí de thoradh air sa líne dheireanach. B'ionann coigilteas díreach an Bhoird Díobhálacha in 2014 agus €85.09m.

Gan dabht, eascraíonn coigilteas breise suntasach maidir le réitigh dhíreacha tríd an Ionad Seirbhíse ar ghnáth leo dul sa dlíthíocht sular bunaíodh sinn. Chinn Staidéar an Bhainc Ceannais ó Dheireadh Fómhair 2011 go réitítear 70% de na héilimh go léir go díreach idir na páirtithe (éascaithe ag próiseas an Bhoird Díobhálacha a éascaíonn cumarsáid idir na príomhpháirtithe) nó trí Dhámhachtain de chuid an Bhoird Díobhálacha agus mar sin nach dtéann ar aghaidh chuig an dlíthíocht. Tuigimid go bhfuil réiteach díreach amháin ar a laghad do gach dámhachtain de chuid an Bhoird Díobhálacha a nglactar leis. Dá gcuirfí coigilteas pro rata i bhfeidhm ar na réitigh sin ghinfí coigilteas breise de €85 milliún, coigilteas 2014 á mhéadú dá réir go €170 milliún agus coigilteas foriomlán ó uair a bhunaithe go cuid mhór níos mó ná €1 billiún.


**In 2014, ghlac custaiméirí an Bhoird Díobhálacha 7,519 dámhachtain a raibh €165.97 milliún cúitimh de thoradh orthu.**

Ní chuireann coigilteas dá leithéid taighde breise de chuid an Bhainc Ceannais san áireamh a léiríonn go bhfaightear socrú go tapa ar mheasúnuithe de chuid an Bhoird Díobhálacha, fiú iad sin nár glacadh leo agus de ghnáth nach leanann siad chun cúirte – fiú más dóigh go n-íoctar roinnt costas dlíthiúla chun na cásanna sin a réiteach de ghnáth. Ní chuireann na meastacháin seo san áireamh ach an oiread an coigilteas díreach do chuideachtaí árachais a gcaithfidh gur laghdaíodh a ranna dlíthíochta cuid mhór. Tá an Bord i dteagmháil le Insurance Ireland agus le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit i gcomhair na sonraí le cuidiú chun tuiscint níos fearr a fháil ar chostas foriomlán dlíthíochta i gcomparáid le próiseas an Bhoird Díobhálacha. Chuideodh sin chun anailís sochair costais a dhéanamh den dá chóras atá ann chun réiteach a fháil ar éilimh díobhála pearsanta. Chuideodh na sonraí seo chun tionchar costais fhabhraigh foriomláin de thoradh bunú an Bhoird, a thuiscint, i dtéarmaí costais agus faoiseamh ó strus ag páirtithe bainteach le dlíthíocht sáraíochta a eascraíonn go minic in amlínte níos faide chóras na gCúirteanna.



# Cuid 4

## Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chostas-éifeachtach.



# Cuid 4

## Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chostas-éifeachtach.

Cuid 4

### Seirbhís do Chustaiméirí

Déantar seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh tríd an Ionad Seirbhíse líne thosaigh agus trí ghníomhaíochtaí a thugann na Foirne Measúnaithe chun críche. Cuireann Ionad Seirbhíse an Bhoird do Chustaiméirí a leanas ar fáil:

- Eolas mionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí ionchasacha agus éilimh á gcur chun cinn;
- Treoir mhionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus iarratais á gcomhlánú;
- Tá an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí ar fáil ar Ló-Ghlao uimhir 1890 829 121 ó 8am go 8pm Luan go hAoine. Chomh maith leis seo féadfaidh éilitheoirí díreacha a n-iarratais a chomhlánú ar líne anois 24/7 agus saoráidí comhrá gréasáin ar fáil chun cuidiú le héilitheoirí díreacha i rith an phróisis

I rith 2014, láimhseáladh breis agus 31,000 iarratas agus rinneadh measúnú i 12,420 cás.

In 2014, lean an Bord Díobhálacha air ag cur próisis measúnaithe éileamh atá follasach agus inrochtana ar fáil tríd an Ionad Seirbhíse. In 2014 fuair an tIonad beagnach 55,000 glao, agus freagraíodh 98% díobh sin laistigh de 20 soicind i ndiaidh teachtaireacht fháiltithe uathoibríche an-ghearr; láimhseáladh 467,000 mír sa phost, 99,000 mír poist leictreonach agus 11,500 faics, a láimhseáladh go léir laistigh de 10 lá. Ina theannta seo socraíodh beagnach 22,000 coinne liachta in 2014 chun tacú le measúnuithe tráthúla.

Cuidíonn an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le héilitheoirí faoi riachtanais speisialta e.g. deacrachtaí teanga nó leochaileachtaí eile. Tá an t-aiseolas ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil ar líne chabhrach an Bhoird an-dearfach agus taifeadadh ardleibhéil sásaimh.

Foilsíodh Nós Imeachta an Bhoird maidir le Gearáin ar ár láithreán gréasáin go deireanach in 2012 agus cuireadh bosca ríomhphoist tiomnaithe ar fáil do chustaiméirí. Chruthaigh sé seo leibhéal níos mó tuisceana ar ár Nós Imeachta le Gearáin a Dhéanamh. Níor tuairiscíodh aon cheisteanna suntasacha in 2014. Fáiltímid roimh aiseolas custaiméara ag am ar bith agus úsáidimid é seo mar dheis luachmhar chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.

### Láithreán Gréasáin

Is príomhfhócas do rannpháirteachas agus roinnt eolais lenár gcustaiméirí é láithreán gréasáin an Bhoird www.injuriesboard.ie. Cuireann an láithreán gné níos dírithe ar an gcustaiméir ar fáil lena n-áirítear roghanna ar líne feabhsaithe chun éilimh a bhainistiú agus a chur isteach go díreach, táillí dlíthiúla gan gá d'éilitheoirí á maolú ar an mbealach seo. Tá an "chláirseach" mar ghné den láithreán le idirdhealú a dhéanamh ó shuíomhanna eile nár chuid den Ghníomhaireacht Stáit oifigiúil iad.

Tá dearadh agus nascleanúint fheabhsaithe ar an suíomh mar aon le teanga shoiléir, inrochtana, intuigthe agus eolas soiléir faoin gcaoi le héileamh a dhéanamh. Tá foirm ar líne sruthlínithe go suntasach ar fáil anois, treoracha soiléire agus feidhmeanna cúnaimh, tacaíocht fheabhsaithe ar líne, éagsúlacht roghanna teagmhála lena n-áirítear glaonna ar ais, foirmeacha teagmhála agus comhrá gréasáin, roghanna aiseolais tríd an suíomh agus an fhoirm ar líne, agus láthair eolais agus nuachta dinimiciúil.

Feabhsaíodh an láithreán gréasáin tuilleadh i rith na bliana le sruth nuachta díreach ó chuntas Twitter an Bhoird Díobhálacha a bunaíodh le deireanaí. Cuidíonn úsáid na meán sóisialta agus an sruth nuachta seo an Bord Díobhálacha a cheangal go díreach lena chustaiméirí i bhfíor-am.

## Socraíodh breis agus 22,000 coinne liachta in 2014 chun tacú le measúnuithe tráthúla.

Bhí taithí úsáideora leis an suíomh atá athchóirithe go hiomlán, dearfach go dtí seo agus méadú de 25% ar chuairteanna láithreáin ghréasáin in 2014 agus breis agus dhá uair líon na n-éileamh ag teacht ar an gcainéal ar líne ná roimhe seo. Bhí leibhéil sástachta go maith os cionn 90% mar a tuairiscíodh trí na cainéil aiseolais. In 2014 bhí 235,599 cuairt ar an láithreán gréasáin i gcomparáid le 189,057 cuairt in 2013 – méadú de 25%.

### Feidhmchlár fóin chliste InjuriesBoard.ie ("aip")

Forbraíodh aip fóin chliste ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2013. Tá an aip ceaptha oideachas agus eolas a chur ar an bpobal faoi ról an Bhoird Díobhálacha agus chun eolas a chur ar fáil ar an bpróiseas éilimh díobhála pearsanta. Déanann sé láithreán gréasáin cairdiúil agus nuashonraithe an Bhoird mar aon lena sheirbhís éileamh dhíreach ar líne, a chomhlánú.

## Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

Is príomhchumasaí é an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Tacaíonn ardán teicniúil agus príomhfheidhmeanna an Bhoird leis na riachtanais ghnó reatha. Is í straitéis an Bhoird coinneáil air ag infheistiú san ICT leis an tseirbhís a fheabhsú agus chun cuidiú le clár leanúnach feabhsúcháin éifeachtachta mar chuid de mhór-iarracht ar fud na Gníomhaireachta chun tuilleadh a dhéanamh le níos lú acmhainne – agus ar ndóigh i gcomhthéacs an mhoratóra earcaíochta agus na mbrúnna eacnamaíocha leanúnacha atá le feiceáil ar fud na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí.

Chuir an Bord Plean Straitéiseach IT trí bliana ar fáil in 2012 (2012-2014). Mar chuid den Phlean seo thug an Bord athbhreithniú ar a Chóras Bainistithe Éileamh chun críche freisin agus dá thoradh moladh uasghrádú a dhéanamh ar an gCóras Bainisthe Éileamh reatha go dtí an leagan is deireanaí le inrochtaineacht gréasáin. Beidh an leagan nuashonraithe seo ábalta comhéadan níos éasca a bheith aige le geallsealbhóirí an Bhoird (Éilitheoir, Freagróir, Pobal Liachta/ Dlíthiúil) agus tá an t-ionchas aige tograí suntasacha seirbhíse agus luach a sheachadadh sa todhchaí. Cuireadh tús leis an bpleanáil mhionsonraithe agus le feidhmiú an nuashonraithe seo i rith 2014. I rith na bliana rinneadh cinneadh chun fanacht ar sheoladh leagan níos deireanaí den táirge a bhí le seoladh sa cheathrú ráithe in 2014, mar gheall ar an bhfeidhmiúlacht fheabhsaithe atá sa leagan níos deireanaí seo. Tá an nuashonrú seo le bheith tugtha chun críche anois i rith an chéad leath de 2015.

Ar phríomhghné eile de straitéis IT an Bhoird tá forbairt ríomhSheirbhísí breise do pháirtithe leasmhara via tairseacha. Déanfar iad seo a fhorbairt i rith 2015 de bhreis ar an nuashonrú ón gCóras Bainistithe Éileamh.

## Áiseanna – Áitreabh ar Léas

Tá áitreabh faoi láthair ag an mBord i dTeach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Ó Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar fho-léas ar théarma 20 bliain trí Oifig na nOibreacha Poiblí a threoraíonn agus a bhainistíonn an bunléas.

## Athbhreithniú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

Tá an Bord Díobhálacha, mar ghníomhaireacht earnála poiblí, tiomanta go hiomlán dá ról i mbaint amach spriocanna éifeachtúlachta (laghdaithe) fuinnimh, ar ionann iad agus 33% faoi láthair ar fud na hearnála poiblí faoi 2020. Ina leith seo cheap an Bord Foireann Bainistithe Fuinnimh a d'fhorbair Beartas Fuinnimh, ar ghlac an Bord Díobhálacha leis in 2011.

## Úsáid Fuinnimh 2014

In 2014, d'ídigh an Bord Díobhálacha 203,200 KWh leictreachais, ar úsáid leictreachais amháin. Léiríonn sé seo laghdú de 4,150 KWh ar an úsáid in 2013.

### Gníomhartha a Rinneadh in 2014

In 2014 rinne an Bord Díobhálacha raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Clár Athsholáthair Printéara le Fearais Ilfheidhmeacha a raibh coigilteas bliantúil measta de 10,000 KWh aige
- Clár feasachta leanúnach don fhoireann bainteach le caomhnú fuinnimh

### Gníomhartha Beartaithe do 2015

In 2015, tá sé i gceist ag an mBord Díobhálacha feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí seo a leanas a thabhairt chun críche:

- Athsholáthar soilsiú oifige le comhroghanna coigilteas fuinnimh a fhiosrú
- Uasghrádú an chórais Aeroiriúnaithe a fhiosrú
- Clár feasachta foirne leanúnach bainteach le caomhnú fuinnimh

## Acmhainní Daonna

Leanann an Bord air ag feidhmiú faoi mhonatóir an Rialtais ar earcú foirne. Ó leithdháileadh foirne de 77 in 2010 faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) tá 67 duine ar an bhfoireann ag an mBord anois. D'ainneoin an laghdaithe ar an líon foirne leanann an Bord air, trí fhostaíocht líon lucht oibre spreagtha agus oilte a bhfuil taithí acu, ag seachadadh ar a phríomhfheidhm i measúnú éileamh. Cuireadh leis an táirgiúlacht de bharr ath-innealtóireachta próisis síoraí, ath-leithdháileadh acmhainní agus úsáid mhéadaithe Ionaid Seirbhíse seachfhoinsithe do raon níos leithne róil mheasúnaithe neamhlárnacha.

Lean Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird agus an Comhchoiste Comhairleach orthu lena gcruinnithe rialta.

Rinne roinnt den fhoireann staidéar ar chúrsaí Teastais agus Céime faoi Scéim Oideachais Chuidithe an Bhoird. D'éascaigh Ospidéal Thamhlachta, Coláiste Éireannach na nOftailmeolaithe, Ospidéal Déidliachta Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Cumann Párolla na hÉireann (IPASS), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Public Affairs Ireland agus an Foras Riaracháin oiliúint freisin.

Go luath in 2014 sholáthair an Bord seirbhísí an Chláir Chúnaimh Fostaithe (EAP) d'fhostaithe agus dá dteaghlaigh.

Cuireann an EAP comhairleoireacht neamhspleách faoi rún agus seirbhísí tacaíochta ar fáil. Tugann an tseirbhís rochtain ar eolas, ar chomhairle agus ar thacaíocht ar líne chun cuidiú le fostaithe a mbealach a dhéanamh trí roinnt mhaith de chlocha míle an tsaoil. Déanann seirbhís chomhairleoireachta comhlánú air seo a chuireann suas le hocht seisiún ar fáil d'fhostaithe le haon saincheisteanna a phlé. Tagraítear don chineál comhairleoireachta atá á thairiscint mar chomhairleoireacht Ghearrtéarma Réiteach-Dírithe.

Chuir an Bord ceardlanna am lóin ar fáil á éascú ag Réitigh Chorparáideacha VHI a chuaigh chun leasa d'fhorbairt iomlánaíoch agus do chothromaíocht oibre is saoil na foirne mar Theacht Aniar a Neartú, Tuismitheoireacht Dhearfach agus Garchabhair do Pháistí.

I rith na bliana d'eagraigh fostaithe an Bhoird gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid do Chumann Ailse na hÉireann agus d'Fhondúireacht Ciarán Carr.

I rith na bliana, d'eagraigh fostaithe de chuid an Bhoird roinnt gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid do Chumann Ailse na hÉireann agus d'Fhondúireacht Ciaran Carr.

## Freagracht Shóisialach Chorparáideach

I rith na bliana, d'eagraigh fostaithe de chuid an Bhoird roinnt gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid do Chumann Ailse na hÉireann agus d'Fhondúireacht Ciaran Carr.

## Iniúchadh Inmheánach

Is gné lárnach é an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh in 2014 a chlúdaigh réimsí leathana: Airgeadas, Oibríochtúil agus Eagraíochtúil. Cuireadh na tuarascálacha seo os comhair an Choiste Iniúchta agus níor aithníodh aon saincheisteanna suntasacha.

## Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn InjuriesBoard.ie de réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 arna leasú in 2007. Feidhmíonn an Bord faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a bhfuil de chumhacht aige maoiniú a sholáthar don Ghníomhaireacht lena chur ar a cumas a dualgas a chomhlíonadh agus faisnéis áirithe ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a lorg. Níor lorg an Bord cistí ón Státchiste ó ceadaíodh deontas bunaithe tosaigh agus rinneadh é sin a aisíoc in iomlán don Státchiste ina dhiaidh sin in 2011.

I dteannta téarmaí a reachtaíochta rialaithe féin, caithfidh an Bord cloí freisin le raon leathan eile de cheanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Go háirithe tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais shainiúla seo a leanas:

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an mBord Díobhálacha lena chinntiú go gcloítear leis an gcód cleachtais seo. Go bliantúil, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go foirmiúil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur chloígh an Bord leis an gCód thuasluaite.

### Bainistiú Riosca

Chuir an Bord nósanna imeachta Bainistithe Riosca i bhfeidhm i rith na bliana mar a bhfuil cur síos orthu ina Chreat Bainistithe Riosca. Tá an creat cuimsitheach seo comhtháite go hiomlán le Clár Dearbhaithe Cáilíochta an Bhoird agus leis an timthriall Pleanála Gnó.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann InjuriesBoard.ie laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir, nuair is gá, tá ráitis shainleasa tugtha chun críche ag Comhaltaí an Bhoird agus ag gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird ar cheist í a chuirtear ag tús gach cruinniú den Bhord. Bíonn an fhoireann ag an leibhéal Bainistíochta faoi réir ag an reachtaíocht seo freisin.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá ráiteas sábháilteachta glactha ag an mBord a chuimsíonn gach gné de leas na foirne. IN 2014, leis an Acht a

chomhlíonadh, thairg an Bord scrúduithe súl Threalamh Scáileán Taispeána don fhoireann uile don chúigiú huair ó cobhsaíodh an Bord.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an Bord Díobhálacha tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt. Feidhmíonn sé socruithe fleisc-ama faoi láthair don fhoireann ghrádaithe a bhfuil ceanglas orthu maidir le huaslíon agus íoslíon uaireanta oibre. Bhain seisear den fhoireann leas as saoire thuismitheoireachta ar bhonn coicíse laghdaithe agus ghlac beirt den fhoireann bloc saoire thuismitheoireachta i rith míonna an tsamhraidh in 2014. Bhain cúpla duine den fhoireann leas as saoire thuismitheoireachta íoctha in 2014.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é an Bord Díobhálacha faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Bord de réir Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Cuireann sé seo an Bord ar thús cadhnaíochta ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, cearta bunúsacha príobháideacha an duine á gcosaint aige mar seo agus rialú á fheidhmiú ar an gcaoi a chuirtear faisnéis phearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an Bord Díobhálacha faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

## Soláthar

Is tairiscint iomaíoch í an nós imeachta a úsáideann an Bord de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn an Bord Díobhálacha go gcomhlíontar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscintí iomaíocha. Áireofar leis seo go gcloítear le treoirlínte náisiúnta agus Treoracha ábhartha ón AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanann an Bord athbhreithniú ar a chuid nósanna imeachta agus beartas soláthair go leanúnach agus soláthraítear oiliúint freisin don phearsanra cuí sa réimse teicniúil tábhachtach seo.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Aithníonn an Bord Díobhálacha go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2012, i ngach pointe ábhartha. Is é beartas an Bhoird a chinntiú go ndéantar rianú ar gach sonrasc agus go n-íoctar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

## Cánachas

Deimhníonn an Bord Díobhálacha go gcomhlíontar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an Bord ina eiseamláir agus é ag comhlíonadh a oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar dliteanais chánach ar na dátaí dlite iomchuí nó roimh na dátaí sin.

## Pleanáil Straitéiseach

I rith na bliana d'fhoilsigh an Bord a thríú Plean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019. Leagann an plean seo amach príomhChuspóirí Straitéiseacha an Bhoird thar na blianta atá le

## I rith na bliana d'fhoilsigh an Bord a thríú Plean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019.

teacht mar aon leis na príomhghníomhartha atá le déanamh chun na Cuspóirí seo a bhaint amach. Ag an leibhéal Oibríochta ailínítear cuspóirí foirne agus Pleananna Gnó Bliantúla le Cuspóirí Straitéiseacha an Bhoird i gcónaí.

## Caidreamh le Geallsealbhóirí

Choinnigh an Bord Díobhálacha lena chlár rannpháirtíochta le príomh-gheallsealbhóirí i rith 2014. Sa bhreis ar chruinnithe caidrimh rialta leis an mháthair-Roinn (Post, Fiontar & Nuálaíochta) agus le hionadaithe ó ghrúpaí éilitheoirí agus freagróirí, bhuail an Bord le go leor geallsealbhóirí eile i rith na bliana. Tá aiseolas ónár gcuid geallsealbhóirí riachtanach agus sinn ag leanúint ag forbairt, ag feabhsú agus ag feidhmiú beartas.

Seo a leanas roinnt de na heagraíochtaí a raibh cruinnithe againn leo i rith na bliana: An tSeirbhís Chúirteanna, Dlí-Chumann na hÉireann (Fóram Úsáideoirí), Insurance Ireland (Fóram Úsáideoirí), An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle Dochtúirí Leighis na hÉireann, an ESRI agus An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Chomh maith leis seo rinneadh roinnt cur i láthair le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear IBEC, ag an gComhdháil Athbhreithne Sláinte agus Sábháilteachta agus le Comhchoiste an Oireachtais ar Phoist, Fiontar & Nuálaíocht. Ghlac an Bord páirt freisin sa Tionscnamh Taking Care of Business á reáchtáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus bhí seastán acu ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

### Grúpaí Úsáideoirí

Mar chuid de thiomantas leanúnach an Bhoird chun seirbhísí a fheabhsú i rith 2014 reáchtáladh cruinnithe fóraim úsáideoirí leis an Dlí-Chumann agus le Insurance Ireland araon.

### Comhoibriú Idir-Ghníomhaireachta


Tá ionadaíocht ag an mBord ar an gCoiste Sábháilteachta Feithicle Bainteach le Sláinte & Sábháilteachta san Ionad Oibre a reáchtálann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA). Mar ionadaí tá an Bord tar éis sonraí comhiomlánaithe ábhartha a chur ar fáil maidir le timpistí san ionad oibre a mbeadh feithiclí mar fhorc-ardaitheoirí bainteach leo. Tá an t-eolas seo úsáideach i dtéarmaí clár sábháilteachta an RSA agus an HSA.

### Taighde Feasachta

Choimisiúnaigh an Bord taighde i rith na bliana chun feasacht an phobail ar an mBord Díobhálacha agus ar a phróisis a thomhas. Léiríonn sé seo leibhéil feasachta de 45% ar eagraíocht a dhéileálann le cúiteamh agus mhéadaigh feasacht bhranda an Bhoird Díobhálacha ó 48% go 53%.


Is ábhar spreagtha iad na torthaí. Tá cumarsáidí dírithe go ginearálta i gcónaí ar ár n-úsáideoirí sonracha agus ár n-éilitheoirí ionchasacha le cinntiú go bhfuil rochtain acu ar ár gcóras agus tuiscint acu faoin gcaoi le nascleanúint a dhéanamh air, in áit a bheith dírithe ar an bpobal ginearálta.

Cuideoidh an taighde seo leis an mBord ina chlár faisnéise poiblí sa todhchaí. Cé nach ndéanfaidh ach céatadán beag den phobal éileamh in aon bhliain ar bith tá sé tábhachtach go mbeadh eolas ar fáil acu sin a mbíonn timpistí acu a luaithe agus is féidir leo le gur féidir cinneadh a bhfuil bonn eolais faoi a dhéanamh faoin gcaoi le dul chun cinn le héileamh má thograíonn siad cúiteamh a lorg.



# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2014



# Cuid 5

## Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2014

Cuid 5

## Clár


| | |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 37 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 38 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 40 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 42 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 44 |
| Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána | 45 |
| Clár Comhardaithe | 46 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 47 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 48 |

# Eolas Ginearálta

## Comhaltaí an Bhoird

| | |
|---|---|
| Dorothea Dowling | ar tháinig deireadh lena comhaltas an 12 Aibreán 2014 |
| Dermot Divilly (Cathaoirleach) | a thosaigh an 16 Iúil 2014 |
| Joe O'Toole | ar tháinig deireadh lena chomhaltas an 12 Aibreán 2014 |
| Patricia Byron (Príomhfheidhmeannach) | |
| Tom Noonan | tháinig deireadh lena chomhaltas an 12 Aibreán 2014 |
| Jerry Fitzpatrick | tháinig deireadh lena chomhaltas an 12 Aibreán 2014 |
| Walter Cullen | a thosaigh an 30 Aibreán 2014 |
| Margot Slattery | a thosaigh an 30 Aibreán 2014 |
| Dermot Gorman | a thosaigh an 26 Meán Fómhair 2014 |
| Breda Power | |
| Martin Naughton | |
| John Lynch | |
| Fionnuala O'Loughlin | |
| Mick Stewart | a thosaigh an 1 Eanáir 2014 |
| Karen O'Leary | ar tháinig deireadh lena comhaltas an 31 Deireadh Fómhair 2014 & a d'atosaigh an 16 Nollaig 2014 |

Cuid
5

## Oifig

Teach Grain
Halla an Mharartáin
Cearnóg Belgard Thuaidh
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

## Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Banc na hÉireann
4-6 Priorsgate
An tSráid Mhór
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

## Aturnaetha

Arthur Cox & Co.
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Láithreán Gréasáin

www.injuriesboard.ie

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Cuid 5

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

**John Lynch**

27 Aibreán 2015

**Martin Naughton**

27 Aibreán 2015

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánaigh den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráidí ábharthacha. Tugann an córas deimhniú réasúnach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhsí thráthúla.

## Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.



Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóigh go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- measúnú a dhéanamh ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn an Bord;
- feidhmiú chóras cuntasaíochta airgeadais – tá córas bogearraí ríomhaire bunaithe ag an mBord lena n-áirítear pacáiste cuntasaíochta chun na rialuithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun na feidhme iniúchta inmheánaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

27 Aibreán 2015

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuid 5

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 77 den Acht agus de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

## Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2014.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

## Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Cuid
5

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

8 Bealtaine 2015

# Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta



## Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn agus tá siad san fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a luaitear sna ráitis airgeadais.

## Ioncam ó Tháillí

Tá ioncam ó tháillí comhdhéanta de Tháillí Éilitheoirí agus Freagróirí. Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoilítear chuig próiseas measúnaithe an bhoird.

## Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Feabhsúcháin Léasachta | An méid blianta atá fanta ar an léas | |
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifigh | 20% | Líne Dhíreach |
| Fearais & Feistis | 12.5% | Líne Dhíreach |
| Troscán Oifige | 12.5% | Líne Dhíreach |

## Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

## Léas Oibríochta

Cuirtear íocaíochtaí faoin léas oibríochta chun muirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## Sochair Scoir

### Nádúr na Scéime

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais an scéim fostaí seo in 2008. Ceadaíodh an scéim Chéile agus Leanaí in 2009.

### Tréithe na Scéime

Tá roinnt tréithe sainiúla ag an scéim:

- Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá gné fostaithe agus gné fostóirí i gceist leis an ranníocaíocht. B'fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2014, nó 30% maidir le baill foirne ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, measann an Bord gur ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) atá an oibleagáid go fóill sochar scoir a íoc, ach go bhfuil tiomantas tugtha ag an Státchiste maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil don PIAB chun oibleagáidí den sórt sin a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann an PIAB ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ag na rátaí sonraithe. Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

### Dliteanais na Scéime

Déantar dliteanais scéime arna léiriú ag luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag foireann PIAB go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúire ag úsáid an mhodha aonad fortheilgthe. Léiríonn costais phinsin sochair a thuilleann foireann PIAB sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníoca pinsin na bhfostaithe a choimeádann an Roinn. Déantar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don Mhaoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha a mheas ag suim a bheidh comhionann leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

### Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime

